| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú an tseachtain seo?<br>Bhí mé ag ...<br>Chuaigh mé go (dtí an) ...<br>Chonaic mé ...<br>D'ith mé ... | What did you do this week?<br>I was at …<br>I went to (the) …<br>I saw …<br>I ate … |
| **2.** | An bhfaca tú ainmhí inniu?<br>Chonaic / Ní fhaca. | Did you see an animal today?<br>Yes / No. |
| **3.** | An bhfaca tú riamh ainmhí fiáin seachas sa sú? | Did you ever see a wild animal except at the zoo? |
| **4.** | Cén ainmhí is ansa leat?<br>Is maith liom ...<br>An t-ainmhí is ansa liom ná ... | What's your favorite animal?<br>I like …<br>My favorite animal is … |

## An Rún Mór (Caitríona Ní Mhurchú) — The Big Secret

| | | |
|---|---|---|
| 1. | 'Níl cead agat, - agus sin sin!' | 'You can't, - and that's that!' |
| 2. | Phléasc Mailí amach ag caoineadh. | Mailí burst out crying. |
| 3. | 'Tá piscín uaim, a Dhaidí,' a dúirt sí. | 'I want a kitting, Daddy,' she said. |
| 4. | 'Ach ní féidir piscín a bheith agat. | 'But you can't have a kitten. |
| 5. | Tá's agat sin, a Mhailí, a stór. | You know that, Mailí, dear. |
| 6. | Ní bí ag caoineadh. | Don't cry. |
| 7. | Gheobhaimid rud éigin eile duit. | We'll get you something else. |
| 8. | Rothar deas bándearg b'fhéidir?' arsa Daidí. | A nice pink bicycle, perhaps?' said Daddy. |
| 9. | 'Ach níl rothar deas bándearg uaim. | 'But I don't want a nice pink bicycle. |
| 10. | Tá piscín uaim,' arsa Mailí. | I want a kitten,' said Mailí. |
| 11. | 'Tá's agam go bhfuil piscín uait, a stór. | 'I know that you want a kitten, dear. |
| 12. | Ach ní féidir ceann a bheith agat' arsa Daidí arís.' | But you can't have one' said Daddy again. |
| 13. | 'Cén fáth? a dúirt Mailí. | 'Why not?' said Mailí. |
| 14. | Thosaigh sí ag stampáil a cos ar an urlár adhmaid. Cén fáth? Cén fáth, Cén fáth? | She began stamping her feet on the wood floor. Why? Why? Why? |
| 15. | Bhí raic uafásach ar siúl aici. | She was making a terrible commotion. |
| 16. | Agus bhí tinneas cinn ag teacht ar Dhaidí. | And Daddy was getting a headache. |
| 17. | 'Tá's agat cén fáth. | 'You know why. |
| 18. | Má bhíonn piscín sa teach againn beidh súile móra dearga ar Mhamaí. | If we have a kitten in our house, Mommy will have big red eyes. |
| 19. | Beidh súile móra dearga ar Dhiarmaid. | Dermott will have big, red eyes. |
| 20. | Agus beidh súile móra dearga ormsa. | And I will have big, red eyes. |

| | | |
|---|---|---|
| 21. | D'fhéach Mailí ar Dhaidí agus fearg uirthi. | Mailí looked at Daddy angrily. |
| 22. | Thosaigh a beola ag crith. | Her lips began to tremble. |
| 23. | 'Ná bí ag caoineadh arís, a stór. | Don't cry again, dear. |
| 24. | Má bhíonn piscín againn beidh srón mhór dhearg ar Mhamaí. | If we have a kitten, Mommy will have a big red nose. |
| 25. | Beidh srón mhór dhearg ar Dhiarmaid. | Dermott will have a big red nose. |
| 26. | Agus beidh srón mhór dhearg ormsa. | And I will have a big red nose. |
| 27. | Shiúil Mailí amach as an gcistin agus fearg uirthi. | Mailí walked out of the kitchen angrily. |
| 28. | Dhún sí an doras de phlab mór. | She closed the door with a big slam. |
| 29. | Shuigh Daidí síos ar chathaoir agus lig sé osna mhór as. | Daddy sat in a chair and made a big sigh. |
| 30. | Shuigh Mailí ar a leaba. | Mailí sat on her bed. |
| 31. | Bhí cuma an-bhrónach uirthi. | She seemed very sad. |
| 32. | Bhí sí ag stánadh ar na ballaí. | She was staring at the walls. |
| 33. | Bhí pictiúir agus póstaeir de chait ar na ballaí. | There were pictures and posters of cats on the walls. |
| 34. | Bhí cat mór agus cat beag ann. | There was a big cat and a small cat. |
| 35. | Bhí cat le heireaball agus cat gan eireaball ann. | There was a cat with a tail and a cat without a tail. |
| 36. | Bhí cat bán, cat dubh agus cat rua ann. | There was a white cat, a black cat and an orange cat. |
| 37. | Agus bhí cat ramhar agus cat tanaí ann. | And there was a fat cat and a thin cat. |
| 38. | Rinne Mailí meangadh gáire. | Mailí smiled. |
| 39. | Bhí plean iontach aici. | She had a wonderful plan. |
| 40. | Léim sí den leaba. | She leapt from the bed. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| 1. | Cad a bhí ó Mhailí? | What did Mailí want? |
| 2. | An raibh Daidí sásta ceann a fháil di. | Was daddy willing to get one for her? |
| 3. | Cad a rinne Mailí nuair a dúirt Daidí nárbh fhéidir léi ceann a fháil. | What did Mailí do when Daddy said she couldn't get one. |
| 4. | Cén fáth nach féidir le Mailí cat a fháil? | Why can't Mailí get a cat? |
| 5. | An raibh Mailí sásta le míniú Dhaidí. | Was Maili happy with Dady's explanation? |
| 6. | Cad a bhí ar na ballaí i seomraí Mailí? | What was on the walls in Mailí's room? |
| 7. | An raibh piscín agat riamh? | Did you ever have a kitten? |
| 8. | An bhfuil peataí agat faoi láthair? | Do you have any pets at present? |
| 9. | An bhfuil tú ailléirgeach d'aon rud? | Are you allergic to anything? |
| 10. | Cén rudaí a thaitin leat nuair a bhí tú óg? | What things did you like when you were young? |